BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

4 Meitheamh 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain – Prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta – Treoir 2014/24/UE – Airteagal 72 – Modhnú conarthaí le linn a dtéarma – An coincheap 'conarthaí le linn a dtéarma' – Glacadh le hoibreacha a rinneadh – Tíolacadh an tsonraisc deiridh – Mainneachtain íocaíochta an údaráis chonarthaigh)

I gCás C-820/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ostair), trí bhreith an 25 Samhain 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Samhain 2024, sna himeachtaí

Strominator Elektro GmbH

v

Bundesimmobiliengesellschaft mbH,

idiragraí:

Fiegl & Spielberger GmbH,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún, Uachtarán Dlísheomra, J. Passer, E. Regan, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: F. Cathagne, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 15 Deireadh Fómhair 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Bundesimmobiliengesellschaft mbH, ag A. M. Juen agus C. Weingrill,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll, M. Fruhmann agus M. Kopetzki, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– Rialtas na Seice, ag L. Halajová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag B. Dourthe agus O. Duprat-Mazaré, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Biolan agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 18 Nollaig 2025

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 72 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1952 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021 (IO 2021 L 395, lch. 23) (‘Treoir 2014/24’).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Strominator Elektro GmbH (‘Strominator’) agus Bundesimmobiliengesellschaft mbH (‘BIG’) maidir le conradh oibreacha poiblí arna dhámhachtain do Fiegl & Spielberger GmbH (‘Fiegl’).

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2014/24

3 Foráiltear le haithris 107 de Threoir 2014/24 mar seo a leanas:

‘Ní mór na coinníollacha a shonrú faoina n-éilítear nós imeachta dámhachtana nua mar gheall ar mhodhnuithe arna ndéanamh ar chonradh le linn a fheidhmithe, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa réimse sin á chur san áireamh. Is gá nós imeachta dámhachtana nua a thionscnamh i gcás ina ndéantar modhnuithe substaintiúla ar an gconradh tosaigh, go háirithe ó thaobh raon feidhme agus ábhar chearta agus oibleagáidí cómhalartacha na bpáirtithe de, lena n-áirítear dámhachtain cearta maoine intleachtúla. Léirítear sna modhnuithe sin go bhfuil sé i gceist ag na páirtithe coinníollacha bunúsacha an chonartha a chaibidliú in athuair. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás coinníollacha a mbeadh tionchar acu ar thoradh an nós imeachta tosaigh dá mbeadh siad curtha san áireamh ann.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1) den Treoir sin, ar Airteagal é dar teideal ‘Sainmhínithe’, mar seo a leanas:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

(5) ciallaíonn “conarthaí poiblí” conarthaí ar mhaithe le leas airgid a thugtar i gcrích i scríbhinn idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus údarás conarthach amháin nó níos mó agus a bhfuil sé mar chuspóir acu oibreacha a dhéanamh, táirgí a sholáthar nó seirbhísí a sholáthar;

(6) ciallaíonn “conarthaí oibreacha poiblí” conarthaí poiblí arb é is cuspóir dóibh ceann amháin díobh seo a leanas:
   (a) oibreacha a dhéanamh amháin, nó oibreacha a leagan amach agus a dhéanamh araon, a bhaineann le ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II;
   (b) Saothar a dhéanamh amháin, nó p a leagan amach agus a dhéanamh araon;
   (c) saothar a chur i gcrích, cibé slí ar bith, a chomhfhreagraíonn do na ceanglais arna sonrú ag an údarás conarthach a bhfuil tionchar cinntitheach aige ar chineál nó ar dhearadh an tsaothair;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir sin, dar teideal ‘Méideanna tairsí’ mar seo a leanas:

‘Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le conarthaí a bhfuil a luach measta glan ó cháin bhreisluacha (CBL) comhionann leis na tairseacha seo a leanas nó níos airde ná iad:

(a) EUR 5 382 000 le haghaidh conarthaí oibreacha poiblí;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 58(4) den Treoir sin, dar teideal ‘Critéir roghnúcháin’ mar seo a leanas:

‘Ó thaobh acmhainn theicniúil agus phroifisiúnta de, d’fhéadfadh na húdaráis chonarthacha coinníollacha a fhorchur ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena ráthaítear go bhfuil siad d’acmhainn riachtanach daonna agus theicniúil leis an gconradh a chur i gcrích agus caighdeán iomchuí á áirithiú acu.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 67(3) de Threoir 2014/24, dar teideal ‘Critéir dhámhachtana conartha’ mar seo a leanas:

‘Measfar critéir dhámhachtana a bheith nasctha le hábhar an chonartha phoiblí i gcás ina mbaineann siad leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh ar aon bhealach agus ag aon chéim dá saolré [...]

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 70 den Treoir sin, dar teideal ‘Coinníollacha maidir le comhlíonadh conarthaí’:

‘Féadfaidh údaráis chonarthacha coinníollacha speisialta a leagan síos a bhaineann le comhlíonadh conartha ar choinníoll go bhfuil siad nasctha le hábhar an chonartha de réir bhrí Airteagal 67(3) agus go luaitear iad sa ghlao ar iomaíocht nó sna doiciméid soláthair. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 72 den Treoir sin, dar teideal ‘Modhnú ar chonarthaí le linn a dtéarma’, mar seo a leanas:

‘1. Féadfar conarthaí agus creat-chomhaontuithe a mhodhnú gan nós imeachta dámhachtana nua i gcomhréir leis an Treoir seo in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina ndearnadh foráil sna doiciméid soláthair tosaigh maidir leis na modhnuithe, gan beann ar a luach airgeadúil, i gclásail shoiléire bheachta dhoshéanta athbhreithniúcháin, a bhféadfadh clásail athbhreithnithe praghais, nó roghanna a bheith iontu. Luafar sna clásail sin raon feidhme agus cineál na modhnuithe nó na roghanna a d’fhéadfaí a dhéanamh chomh maith leis na coinníollacha faoina bhféadfar leas a bhaint astu. Ní dhéanfar foráil iontu maidir le modhnuithe ná roghanna lena n-athrófaí cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe;

(b) i gcás oibreacha, seirbhísí nó soláthairtí breise ón gconraitheoir bunaidh a bhfuil gá leo anois agus nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh i gcás nach féidir an conraitheoir a athrú:
   (i) bheadh sé dodhéanta ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartaitheacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus
   (ii) bheadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht shuntasach nó le méadú substaintiúil ar chostais don údarás conarthach.

   Mar sin féin, ní bheidh aon mhéadú ar phraghas níos mó ná 50 % de luach an chonartha bunaidh. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach na modhnuithe go léir. Ní fhéachtar leis na modhnuithe i ndiaidh a chéile sin le dul timpeall ar fhorálacha na Treorach seo;

(c) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
   (i) is gá an modhnú a dhéanamh mar gheall ar imthosca nach bhféadfadh údarás conarthach dúthrachtach a thuar roimh ré;
   (ii) ní athraíonn an modhnú cineál foriomlán an chonartha;

(iii) ní bheidh aon mhéadú ar phraghas níos airde ná 50 % de luach an chonartha bunaidh nó an chreat-chomhaontaithe bunaidh. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach na modhnuithe go léir. Ní fhéachtar leis na modhnuithe sin faoi seach le dul timpeall ar fhorálacha na Treorach seo;

(d) i gcás ina dtagann conraitheoir nua in ionad an chonraitheora dár dhámh an t-údarás conarthach an conradh ar dtús mar thoradh ar cheachtar de na nithe seo a leanas:
(i) clásal athbhreithniúcháin doshéanta nó rogha i gcomhréir le pointe (a);
(ii) tar éis comharbas go hiomlán nó go páirteach an pháirtí chonarthaigh bunaidh, i ndiaidh oibríochtaí maidir leis an gcuideachta a athstruchtúrú, go háirithe ceannach, cumasc, fáil, dócmhainneacht oibreora eacnamaíoch eile lena gcomhlíontar na critéir roghnúcháin cháilíochtúla arna mbunú ar dtús, ar choinníoll nach bhfuil modhnuithe substaintiúla eile ar an gconradh i gceist leis sin agus nach bhféachtar leis feidhm na Treorach seo a sheachaint; nó
(iii) i gcás ina nglacfaidh an t-údarás conarthach féin oibleagáidí an phríomhchonraitheora i leith a fhochonraitheoirí i gcás ina bhforáiltear don fhéidearthacht sin faoin reachtaíocht náisiúnta de bhun Airteagal 71;

(e) i gcás nach modhnuithe substaintiúla iad na modhnuithe de réir mhír 4, gan beann ar an luach atá ag baint leo.

[...]

2. Thairis sin, agus gan aon ghá le fíorú an bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 4(a) go (d) comhlíonta, féadfar conarthaí a mhodhnú freisin gan gá le nós imeachta nua um dhámhachtain conartha i gcomhréir leis an Treoir seo nuair atá luach an mhodhnaithe níos ísle ná an dá luach seo a leanas:

(i) na tairsí arna socrú le hAirteagal 4; agus

(ii) 10 % de luach an chonartha tosaigh i gcás conarthaí seirbhísí agus soláthairtí agus 15 % de luach an chonartha tosaigh le haghaidh conarthaí oibreacha.

Mar sin féin, ní athróidh an modhnú cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, cinnfear an luach ar bhonn ghlanluach carnach na modhnuithe i ndiaidh a chéile.

3. Chun an praghas dá dtagraítear i mír 2 agus i bpointí (b) agus (c) de mhír 1 a ríomh, is éard a bheidh sa phraghas nuashonraithe an luach tagartha i gcás ina bhfuil clásal innéacsaithe sa chonradh.

4. Measfar gur modhnú substaintiúil a bheidh i modhnú a dhéanfar ar chonradh nó ar chreat-chomhaontú le linn a théarma de réir bhrí mhír 1(e), i gcás ina bhfágfaidh sé go mbeidh difríocht ábhartha idir an conradh nó an creat-chomhaontú agus an conradh nó an

creat-chomhaontú a tugadh i gcrích ar dtús. In aon chás, gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, measfar gur modhnú substaintiúil a bheidh ann i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar isteach leis an modhnú coinníollacha lena gceadófaí, dá mbeidís ina gcuid den nós imeachta soláthair tosaigh, iarrthóirí eile a ligean isteach seachas iad siúd a roghnaíodh ar dtús nó glacadh le tairiscint seachas an tairiscint ar glacadh léi ar dtús nó lena meallfaí rannpháirtithe breise sa nós imeachta soláthair;

(b) leis an modhnú, athraítear cothromaíocht eacnamaíoch an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach ndearnadh foráil dó sa chonradh tosaigh nó sa chreat-chomhaontú tosaigh;

(c) leathnaítear raon feidhme an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe go suntasach leis an modhnú;

(d) i gcás ina dtagann conraitheoir nua in ionad an chonraitheora a ndearna an t-údarás conarthach an conradh a dhámhachtain air ar dtús i gcásanna eile seachas na cásanna sin dá bhforáiltear i mír 1(d).

5. Beidh gá le nós imeachta dámhachtana nua i gcomhréir leis an Treoir seo le haghaidh modhnuithe eile ar fhorálacha conartha phoiblí nó creat-chomhaontaithe le linn a théarma seachas na modhnuithe dá bhforáiltear faoi mhíreanna 1 agus 2.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2011/7/AE

10 Sainmhínítear le hAirteagal 2(1) agus (2) de Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO 2011 L 48, lch. 1) na coincheapa ‘idirbhearta tráchtála’ agus ‘údarás poiblí’ chun críocha na Treorach sin.

11 Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir sin mar seo a leanas:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, in idirbhearta tráchtála inar údarás poiblí é an féichiúnaí, go mbeidh an creidiúnaí i dteideal ús reachtúil ar íocaíocht dhéanach ar dhul in éag don tréimhse a shainítear i míreanna 3, 4 nó 6, gan gá le meabhrúchán, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá a oibleagáidí conarthacha agus dlíthiúla comhlíonta ag an gcreidiúnaí; agus

(b) níl an méid atá dlite faighte ag an gcreidiúnaí in am, ach amháin mura bhfuil an féichiúnaí freagrach as an moill.

[...]

3. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás idirbhearta tráchtála inar údarás poiblí é an féichiúnaí:

(a) nach sáraíonn an tréimhse íocaíochta ceann ar bith de na teorainneacha ama seo a leanas:

(i) 30 lá féilire tar éis an dáta a fhaigheann an féichiúnaí an sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht;

[...]

(iv) i gcás ina ndéantar foráil le reacht nó sa chonradh do nós imeachta um ghlacadh nó um fhíorú, lena ndeimhnítear comhréireacht na n-earraí nó na seirbhísí leis an gconradh, agus i gcás ina bhfaigheann an féichiúnaí an sonrasc nó an iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht níos luaithe nó ar an dáta a dhéanfar an glacadh nó an fíorú sin, 30 lá féilire tar éis an dáta sin.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hOstaire

12 Foráiltear le hAirteagal 365 den Bundesvergabegesetz 2018 (Dlí Cónaidhme 2018 maidir le conarthaí poiblí a dhámhachtain) an 20 Lúnasa 2018 (BGBl. I, 65/2018) ('BVergG 2018'), dar teideal 'Modhnuithe conarthaí le linn a dtéarma', mar seo a leanas:

'(1) Ní fhéadfar conarthaí agus creat-chomhaontuithe a mhodhnú go substaintiúil le linn a dtéarma, ach amháin tar éis nós imeachta soláthair nua. Is modhnú substaintiúil é modhnú ar chonradh nó ar chreat-chomhaontú i gcás ina bhfágann sé go bhfuil difríocht ábhartha idir an conradh nó an creat-chomhaontú ó thaobh cineáil de agus an conradh nó an creat-chomhaontú a tugadh i gcrích ar dtús.

(2) In aon chás, gan dochar do mhír 3, measfar modhnú a bheith substaintiúil i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

1. tugtar isteach leis coinníollacha, dá n-áireofaí iad sa nós imeachta soláthair tosaigh,
   (a) a cheadódh iarrthóirí seachas iad siúd a roghnaíodh ar dtús a ligean isteach, nó
   (b) go gceadófaí léi glacadh le tairiscint atá éagsúil leis an tairiscint ar glacadh léi ar dtús; nó
   (c) a mheallfadh níos mó rannpháirtithe sa nós imeachta soláthair, nó

2. go n-athraíonn sé cothromaíocht eacnamaíoch an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe i bhfabhar an chonraitheora ar bhealach nach bhforáiltear dó sa chonradh tosaigh nó sa chreat-chomhaontú tosaigh, nó

3. go ndéanann sé raon feidhme an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe a leathnú go suntasach, nó

[...]

(3) Measfar gur modhnuithe neamhshubstaintiúla iad na modhnuithe seo a leanas ar chonarthaí agus ar chreat-chomhaontuithe:

1. Modhnuithe ar phraghas an chonartha, ar choinníoll go bhfuil a luach faoi bhun na luachanna seo a leanas:

(a) na tairseacha ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 12(1) nó in Airteagal 185(1), de réir mar is infheidhme; agus
(b) 10 % de luach an chonartha tosaigh i gcás conarthaí seirbhísí agus soláthairtí agus 15 % de luach an chonartha tosaigh le haghaidh conarthaí oibreacha. Ní féidir leis an modhnú cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe a athrú. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, cinnfear an luach ar bhonn ghlanluach carnach na modhnuithe i ndiaidh a chéile.

2. Modhnuithe, gan beann ar a luach, dá bhforáiltear sna doiciméid soláthair tosaigh i bhfoirm clásail athbhreithnithe atá soiléir, beacht agus aonchiallach. Léireofar sna clásail sin raon feidhme agus cineál aon modhnuithe nó roghanna agus na coinníollacha faoina bhféadfar iad a úsáid; ní cheadófar leo modhnuithe ná roghanna a d'athródh cineál foriomlán an chonartha nó an chreat-chomhaontaithe.

[...]

4. Modhnuithe nach modhnuithe substaintiúla iad, beag beann ar a luach, de réir bhrí mhíreanna 1 agus 2.

5. Seirbhísí breise an phríomhchonraitheora a bhfuil gá leo anois agus nár áiríodh sa chonradh tosaigh, i gcás ina n-athraítear conraitheoir
(a) go bhfuil sé dodhéanta ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla agus
(b) go mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht shuntasach nó le méadú substaintiúil ar chostais don údarás conarthach.

6. Má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
(a) is gá an modhnú a dhéanamh mar gheall ar imthosca nach bhféadfadh údarás conarthach dúthrachtach a thuar roimh ré;
(b) ní athraíonn an modhnú cineál foriomlán an chonartha;

I gcás conarthaí agus creat-chomhaontuithe a tugadh i gcrích tar éis nós imeachta i gcomhréir le forálacha Chuid a Dó den Dlí Cónaidhme seo, ní fhéadfaidh luach iomlán na seirbhísí breise, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí 5 nó 6, a bheith níos mó ná 50 % de luach an chonartha tosaigh. I gcás ina ndéanfar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le luach na modhnuithe go léir. Ní fhéachtar leis na modhnuithe sin faoi seach le dul timpeall ar fhorálacha an Dlí Cónaidhme seo;

[...]

(5) Chun méid an chonartha dá dtagraítear i bpointí 1, 5 agus 6 de mhír 3 nó a luach a ríomh, is éard a bheidh sa mhéid lascainithe, nó an luach lascainithe, an luach tagartha i gcás ina bhfuil clásal innéacsaithe sa chonradh. Chun méid an chonartha lascainithe, nó a luach lascainithe, a ríomh, is é an meánráta boilscithe san Ostair an luach tagartha i gcás nach bhfuil clásal innéacsaithe sa chonradh.'

13 Foráiltear le mír 382 den BVergG 2018 mar seo a leanas:

‘Leis an Dlí Cónaidhme seo, déantar na gníomhartha dlí seo a leanas de chuid an Aontais [Eorpaigh] a thrasuí nó a chur san áireamh:

[...]

16. Treoir 2014/24/AE [...]

[...]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

14 Tá campas scoile ag cathair Salzburg (an Ostair) ina bhfuil foirgneamh comdhéanta de dhá chuid idirnasctha (‘an foirgneamh’). Tá roinnt foras oideachais sa champas sin, lena n-áirítear Handelsakademie I (Scoil Ghnó I) agus Handelsakademie II (Scoil Ghnó II), atá suite i gcodanna éagsúla den fhoirgneamh, dá dtagraítear san ordú tarchuir mar Chuid I agus Cuid II faoi seach.

15 I gcomhthéacs bearta athshlánaithe éagsúla ar an gcampas sin, reáchtáil BIG, údarás conarthach de réir bhrí BVergG 2018, nós imeachta tairisceana oscailte chun oibreacha suiteála leictreachais a dhéanamh le haghaidh Chuid II den fhoirgneamh go príomha. Tar éis an nós imeachta sin, dámhadh conradh le haghaidh oibreacha suiteála leictrí dar luach measta EUR 675 107.03 le haghaidh Chuid II den fhoirgneamh ar Fiegl an 3 Lúnasa 2022 (‘an conradh tosaigh’). Comhaontaíodh go rithfeadh tréimhse feidhmíochta na seirbhísí ordaithe ón 3 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

16 An 11 Iúil 2022, áfach, níos lú ná mí sular tugadh an conradh i gcrích, bhris tine amach i gCuid I den fhoirgneamh agus rinne sé damáiste suntasach. Mar gheall ar an damáiste a rinne an tine sin, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh spásúil agus feidhmiúil champas na scoile le linn scoilbhliain 2022/2023. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, ní dhearnadh na seirbhísí a ordaíodh ó Fiegl ar an mbealach dá bhforáiltear ar dtús sa chonradh sin.

17 Go háirithe, cé go ndearnadh oibreacha suiteála leictrí ar an dara hurlár agus ar an tríú hurlár de Chuid II den fhoirgneamh, i gcomhréir leis an gconradh tosaigh, ní dhearnadh aon oibreacha suiteála leictrí ar an íoslach, ar urlár na talún, ar an gcéad urlár agus ar chuid de sciathán naisc Chodanna I agus II den fhoirgneamh.

18 Tar éis na seirbhísí sin a bheith curtha ar ceal, chuir Fiegl éileamh ar chúiteamh isteach as an damáiste a mhaíonn sé a bhain dó mar thoradh ar an laghdú ar mhéid an chonartha, a dhiúltaigh BIG a dheonú.

19 Tar éis na hoibreacha neamh-chealaithe i gCuid II den fhoirgneamh a bheith críochnaithe go tráthúil, tháinig BIG agus Fiegl le chéile an 7 Meán Fómhair 2023 agus d’aontaigh siad go dtarscaoilfeadh Fiegl a éileamh ar chúiteamh agus, mar mhalairt air sin, go ndéanfaí cuid de na seirbhísí a cuireadh ar ceal nach ndearnadh i gCuid I den fhoirgneamh in 2024.

20 Dá bhrí sin, an 13 Nollaig 2023, chuir Fiegl tairiscint isteach chun na hoibreacha thuasluaite a dhéanamh i gCuid I den fhoirgneamh.

21 An 15 Nollaig 2023, chuir Fiegl isteach an sonrasc deiridh le haghaidh na seirbhísí a soláthraíodh agus nár cuireadh ar ceal, faoin gconradh tosaigh, is é sin na seirbhísí a rinneadh ar an dara hurlár agus ar an tríú hurlár de Chuid II den fhoirgneamh.

22 Tar éis na tairisceana dá dtagraítear i mír 20 den bhreithiúnas seo, bhronn BIG, an 22 Nollaig 2023, conradh ar Fiegl le haghaidh dhá sheirbhís dar teideal, faoi seach, 'athchóiriú feidhmiúil [/] córas soilsithe' agus 'soilsiú' i gCuid I den fhoirgneamh, le tréimhse feidhmíochta ón 15 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ('an conradh nua'). Bhí luach EUR 264 355.80 ar an gconradh.

23 Ina theannta sin, chun an damáiste a rinne dóiteán an 11 Iúil 2022 i gCuid I den fhoirgneamh a dheisiú, sheol BIG glao ar thairiscintí chun oibreacha suiteála leictrí a dhéanamh. Tar éis an nós imeachta dámhachtana sin, dámhadh an conradh, a bhfuil a ábhar éagsúil le hábhar an chonartha nua, ar Strominator an 6 Nollaig 2023.

24 An 9 Iúil 2024, d'iarr Strominator, trí chaingean le haghaidh dearbhú, ar an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ostair), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, dearbhú go raibh dámhachtain an chonartha nua gan glao ar thairiscintí a fhoilsiú d'fhonn na hoibreacha dá dtagraítear i mír 22 den bhreithiúnas seo a ordú ó Fiegl neamhdhleathach mar gheall ar shárú ar reachtaíocht na hOstaire nó ar dhlí an Aontais. Rinne an neamhdhleathacht sin difear, *inter alia*, do cheart Strominator páirt a ghlacadh i nós imeachta tairisceana a bhaineann leis na hoibreacha in.

25 Ina chosaint, d'áitigh BIG, go bunúsach, gur modhnú dleathach ar an gconradh tosaigh a bhí i ndámhachtain an chonartha nua do Fiegl.

26 I gcomhthéacs na díospóide os a comhair, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur tugadh an conradh nua i gcrích tráth a raibh deireadh tagtha cheana leis an tréimhse chomhlíonta a comhaontaíodh faoin gconradh tosaigh, cé go raibh na seirbhísí a comhaontaíodh agus nár cuireadh ar ceal, faoin gconradh sin, curtha i gcrích agus an sonrasc deiridh curtha isteach, ach nár íoc BIG é fós.

27 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil feidhm ag BVergG 2018 maidir le haon dámhachtain conarthaí poiblí, beag beann ar luach conartha den sórt sin, lena n-áirítear má mheastar é ag aon cent amháin. Dá bhrí sin, tá feidhm ag Airteagal 365 de BVergG 2018, lena dtrasuitear Airteagal 72 de Threoir 2014/24 i ndlí na hOstaire, maidir le haon chonradh poiblí a mhodhnú le linn a théarma gan beann ar cé acu a sháraíonn nó nach sáraíonn luach measta an chonartha lena mbaineann na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 4 den Treoir sin.

28 É sin ráite, tugann an chúirt sin faoi deara nach sonraítear i dTreoir 2014/24 an tráth a scoirfidh conradh de bheith 'le linn a thearma', de réir bhrí Airteagal 72 den Treoir sin, ná, dá bhrí sin, an tráth is féidir modhnuithe a dhéanamh ar chonradh den sórt sin i gcomhréir leis an bhforáil sin, gan nós imeachta dámhachtana nua.

29 Chun a chinneadh an bhféadfadh an conradh nua an conradh tosaigh a mhodhnú go dleathach, de réir bhrí Airteagal 72 de Threoir 2014/24, gan gá nós imeachta soláthair a chomhlíonadh, is gá an tréimhse a shainiú nach mór a mheas go bhfuil conradh poiblí 'le linn a thearma', de réir bhrí Airteagal 72(5) den Treoir sin.

30 Dá measfaí, sa chéad áit, ar an dáta a dámhadh an conradh nua do Fiegl, go raibh an conradh tosaigh 'le linn a thearma', de réir bhrí Airteagal 72 de Threoir 2014/24, thiocfadh an cheist chun cinn, sa dara háit, an bhféadfaí teagmhas amhail dóiteán a aicmiú mar imthoisc nach bhféadfadh údarás conarthach dícheallach a thuar, de réir bhrí mhír 1(c)(i) den Airteagal 72 sin. I gcás inarb iomchuí, is gá, sa tríú háit, scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina gcaithfear a mheas go bhfuil modhnú ar chonradh poiblí 'riachtanach' mar gheall ar imthosca nárbh fhéidir a thuar.

31 Sna himthosca sin, chinn an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin Chónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1. An bhfuil Airteagal 72(5) de Threoir [2014/24] le léiriú sa chaoi go gciallaítear go bhfuil leasú ar chonradh poiblí tar éis dheireadh na tréimhse comhaontaithe forfheidhmiúcháin, feidhmíocht seirbhísí neamh-chealaithe agus an sonrasc deiridh ón gconraitheoir a thíolacadh, ach sula n-íocfaidh an t-údarás conarthach an luach saothair, le rangú mar mhodhnú ar chonradh poiblí "*le linn a théarma*"?

Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist:

2. An bhfuil Airteagal 72(1)(c)(i) de Threoir 2014/24 le léiriú sa chaoi go n-áirítear freisin imthosca seachtracha le himthosca "nach bhféadfadh [údarás conarthach dúthrachtach] a thuar", cé gur tharla siad sular tugadh an conradh i gcrích, ach nár tháinig a dtionchar ar an gconradh poiblí chun solais tar éis don chonradh a bheith tugtha i gcrích?

Más freagraí dearfacha a thabharfar ar an gcéad [cheist] agus an dara ceist:

3. An bhfuil Airteagal 72(1)(c)(i) de Threoir 2014/24, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 72(1)(c)(ii) di, le léiriú sa chaoi go bhfuil "gá" le modhnú ar chonradh poiblí i ngeall ar imthosca nach bhféadfadh údarás conarthach dúthrachtach a thuar fiú má tá an modhnú "cuí", ach nach bhfuil sé "go hiomlán riachtanach", chomh fada agus nach n-athraítear nádúr foriomlán an chonartha mar thoradh ar an modhnú?'

Dlínse na Cúirte

32 De réir cásdlí socair, is faoin gCúirt féin atá sé scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha inar tharchuir an chúirt náisiúnta an cás chuici, chun a chinneadh an bhfuil dlínse aici (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *AW 'T'*, C-225/22, EU:C:2025:649, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 I ndáil leis sin, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil luach an chonartha nua faoi bhun na tairsí maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2014/24, a shocraítear ag EUR 5 382 000 le hAirteagal 4(a) di, maidir le conarthaí oibreacha poiblí.

34 In aon chás, mar a luaigh an chúirt a rinne an tarchur, de réir cásdlí socair, i gcás ina gcomhlíonann an reachtaíocht náisiúnta, go díreach agus gan choinníoll, chun críocha na réiteach a thugtar léi do chásanna nach gcumhdaítear le gníomh de chuid dhlí an Aontais, na cásanna sin arna nglacadh leis an ngníomh sin, is léir gur chun leasa an Aontais é go ndéanfaí léiriú aonfhoirmeach ar na forálacha a glacadh ón ngníomh sin. Fágann sé sin gur féidir difríochtaí sa léiriú amach anseo a sheachaint agus a áirithiú go gcaithfear ar an mbealach céanna leis na cásanna sin agus leis na cásanna sin a thagann faoi raon feidhme na bhforálacha sin (féach

breithiúnais an 18 Deireadh Fómhair 1990, *Dzodzi*, C-297/88 agus C-197/89, EU:C:1990:360, míreanna 36 agus 37, agus an 24 Deireadh Fómhair 2024, *Obshtina Pleven*, C-513/23, EU:C:2024:917, mír 27).

35 Sa chás seo, mar a thugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, tá feidhm ag Airteagal 365 de BVergG 2018, lena dtrasuitear sa dlí náisiúnta Airteagal 72 de Threoir 2014/24, arb é is ábhar do cheisteanna na cúirte sin, maidir le haon chonradh poiblí, gan beann ar luach conartha den sórt sin.

36 Sna himthosca sin, ní chuirtear bac le luach an chonartha nua ar an gCúirt na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a fhreagairt.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

37 De réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an nós imeachta comhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile (féach breithiúnais an 17 Iúil 1997, *Krüger*, C-334/95, EU:C:1997:378, míreanna 22 agus 23, agus an 18 Nollaig 2025, *Lukoil Bulgaria agus Lukoil Neftohim Burgas*, C-245/24, EU:C:2025:987, mír 26).

38 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chead áit, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur léiriú ar Airteagal 72(5) de Threoir 2014/24 chun a chinneadh an gá a mheas go bhfuil conradh poiblí fós ‘le linn a théarma’ tar éis dhul in éag thréimhse feidhmíochta na n-oibreacha dá bhforáiltear leis an gconradh sin, gur sholáthair an conraitheoir an tseirbhís ina hiomláine agus gur chuir an conraitheoir an sonrasc deiridh isteach, ach sular íoc an t-údarás conarthach an sonrasc sin. Mar sin féin, mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta dá aire, go bunúsach, i mír 41 dá Thuairim, úsáidtear an coincheap ‘le linn a théarma’ freisin i míreanna eile d’Airteagal 72, ina sonraítear sa cheannteideal ‘Modhnú conarthaí le linn a dtéarma’, nach bhfuil forálacha uile Airteagal 72 infheidhme ach amháin i gcás ina bhfuil an conradh ‘le linn a théarma’.

39 Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 72(4) de Threoir 2014/24 go measfar modhnú ar chonradh ‘le linn a théarma’ a bheith substaintiúil, de réir bhrí Airteagal 72(1)(e) den Treoir sin, i gcás ina bhfágann sé go bhfuil an conradh sin éagsúil go suntasach leis an gconradh a tugadh i gcrích ar dtús.

40 Ina theannta sin, cé gur fíor nach dtagraítear go sainráite in Airteagal 72(1) go (3) den Treoir sin do ‘chonarthaí le linn a dtéarma’, ní bhaineann siad leis an gcoincheap sin, áfach. Go deimhin, faoi Airteagal 72(5) den Treoir sin go háirithe, teastaíonn nós imeachta soláthair nua le haghaidh modhnuithe ar chonarthaí poiblí ‘le linn a dtéarma’ seachas iad siúd dá bhforáiltear le hAirteagal 72(1) go (3). Thairis sin, a mhéid a dtagraítear le hAirteagal 72(3) de Threoir 2014/24 do mhíreanna 2 agus 1(b) agus (c) d’Airteagal 72, baineann sé freisin le conarthaí den sórt sin.

41 Sa dara háit, is léir ó na mínithe a thug BIG ag an éisteacht, sa chás sna príomhimeachtaí, gur ghlac an t-údarás conarthach go cinntitheach leis na hoibreacha a rinne Fiegl faoin gconradh tosaigh sular eisigh Fiegl an sonrasc deiridh an 15 Nollaig 2023.

42 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, lena céad cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 72 de Threoir 2014/24 a léiriú sa chaoi go bhféadfar a mheas go bhfuil conradh poiblí ‘le linn a théarma’, de réir bhrí na forála sin, i gcás ina bhfuil na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh atá i gceist comhlíonta go hiomlán ag an gconraitheoir, ina bhfuil glactha go cinntitheach ag an údarás conarthach leis na seirbhísí sin agus ina bhfuil an sonrasc deiridh eisithe ag an gconraitheoir, fiú mura bhfuil an praghas a léirítear ann íoctha go fóill ag an údarás conarthach sin.

43 Chun raon feidhme an choincheapa ‘conarthaí le linn a dtéarma’ a chinneadh de réir bhrí Airteagal 72 de Threoir 2014/24, is gá machnamh a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht na forála sin ach freisin ar an gcomhthéacs ina bhfuil sí agus ar na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid díobh í (féach, chuige sin, breithiúnais an 17 Samhain 1983, *Merck*, 292/82, EU:C:1983:335, mír 12, agus an 16 Deireadh Fómhair 2025, *Polismyndigheten*, C-282/24, EU:C:2025:790, mír 18).

44 Sa chéad áit, maidir le foclaíocht Airteagal 72 de Threoir 2014/24, ba cheart a thabhairt faoi deara nach sainmhínítear leis an bhforáil sin ná le haon fhoráil eile den Treoir sin an coincheap ‘conarthaí le linn a dtéarma’. Ní féidir tátal a bhaint as foclaíocht Airteagal 72 ach oiread as faisnéis eile a d’fhéadfadh freagra a thabhairt ar an gceist an féidir a mheas go bhfuil conradh ‘le linn a théarma’ fad is nár íoc an t-údarás conarthach an praghas i gcomaoin na seirbhíse a sholáthair an conraitheoir, faoin gconradh sin, ina hiomláine agus a fuair an t-údarás conarthach sin go cinntitheach, nó, os a choinne sin, an scoireann conradh den sórt sin de bheith ‘le linn a théarma’ tar éis don údarás conarthach sin glacadh go cinntitheach leis an tseirbhís sin agus tar éis don chonraitheoir an sonrasc deiridh a eisiúint, agus nach mbaineann an easpa íocaíochta ón údarás conarthach sin, sa chás sin, le hábhar.

45 Sa dara háit, maidir le comhthéacs Airteagal 72 de Threoir 2014/24, is féidir a mheas, ar bhonn na chéad choda d’Airteagal 2(1)(5) den Treoir sin, ar dá réir is ‘conarthaí ar mhaithe le leas airgid’ iad conarthaí poiblí, nach mór a mheas, fad nach gcomhlíontar na hoibleagáidí frithpháirteacha a eascraíonn as conradh den sórt sin, eadhon ní hamháin soláthar na seirbhísí atá de dhualgas ar an gconraitheoir ach íocaíocht an phraghais atá le híoc i gcomaoin na seirbhísí sin freisin, go bhfuil an conradh sin ‘le linn a théarma’.

46 Mar sin féin, mar a thugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, arna léamh i gcomhar le haithris 107 de Threoir 2014/24, ina dtagraítear do chonarthaí ‘le linn a bhfeidhmithe’, ní mór a thuiscint go gciallaíonn Airteagal 72 den Treoir sin go gcuireann sé an fhéidearthacht conradh a mhodhnú gan nós imeachta soláthair nua faoi réir an choinníll go bhfuil an conradh ‘le linn a fheidhmithe’ go sonrach.

47 Tagraíonn an téarma ‘feidhmiú’, mar is léir ó fhorálacha eile den Treoir sin, do chomhlíonadh na seirbhísí ag an gconraitheoir agus ní d’oibleagáid an údaráis chonarthaigh íocaíocht a dhéanamh. Tagraítear sa dara cuid d’Airteagal 2(1)(5) de Threoir 2014/24 do ‘oibreacha a chur i gcrích’. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 70 den Treoir sin go bhféadfaidh údaráis chonarthacha coinníollacha speisialta a leagan síos a bhaineann le comhlíonadh conartha a mhéid atá siad nasctha, de réir Airteagal 67(3) den Treoir sin, leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le soláthar. Ar an gcaoi chéanna, foráiltear leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 58(4) den Treoir sin go bhféadfaidh údaráis chonarthacha coinníollacha a fhorchur lena n-áiritheofar go mbeidh na hacmhainní daonna agus teicniúla chomh maith leis an taithí is gá ag oibreoirí eacnamaíocha chun an conradh a ‘fheidhmiú’ ar chaighdeán cáilíochta iomchuí.

48 Leanann sé ó léamh den sórt sin nach féidir a mheas go bhfuil conradh ‘le linn a théarma’, de réir bhrí Airteagal 72 de Threoir 2014/24, ach amháin a mhéid nár comhlíonadh ina n-iomláine na seirbhísí is dlite don tairgeoir a n-éireoidh leis faoin gconradh sin. Dá bhrí sin, ní féidir an conradh sin a mhodhnú, faoi na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin, ach amháin go dtí go mbeidh seirbhísí an chonraitheora sin comhlíonta go hiomlán, agus ní bhaineann an easpa íocaíochta ón údarás conarthach, ar an mbonn sin, le hábhar.

49 Deimhnítear léiriú den sórt sin, sa tríú háit, leis na cuspóirí a shaothraítear leis an bhforáil sin. Leanann sé ó chásdlí na Cúirte go bhféachtar le hAirteagal 72 den Treoir sin, trí rialáil a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfar conarthaí a mhodhnú le linn a dtéarma gan nós imeachta soláthair nua, le comhlíonadh phrionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta a áirithiú, agus méid áirithe solúbthachta á thabhairt isteach ag an am céanna maidir le cur i bhfeidhm na rialacha lena rialaítear conarthaí poiblí, chun a chur ar chumas na n-údarás conarthach freagairt go pragmatach do na cásanna atá rompu agus na conarthaí á gcur i gcrích (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2025, *Polismyndigheten*, C-282/24, EU:C:2025:790, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Mar sin féin, ní mór a mheabhrú, a mhéid a thugtar isteach le hAirteagal 72 maoluithe ar na prionsabail sin, nach mór é a léiriú go docht (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2025, *Polismyndigheten*, C-282/24, EU:C:2025:790, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Nuair a bhíonn na seirbhísí atá le cur ar fáil ag an gconraitheoir glactha go cinntitheach ag an údarás conarthach agus go bhfuil an sonrasc deiridh curtha isteach, níl aon ghá a thuilleadh aon spás lánroghnach a aithint don údarás sin maidir le cur i bhfeidhm na rialacha lena rialaítear conarthaí poiblí, ós rud é go bhfuil sé eisiata go bhféadfadh sé teacht, le linn cur i gcrích an chonartha lena mbaineann, ar chásanna a mbeadh gá leo a chur san áireamh trí mhodhnú an chonartha.

52 Dá bhrí sin, is é seo go díreach an bunphrionsabal ar a bhfuil forálacha éagsúla Airteagal 72 de Threoir 2014/24 bunaithe.

53 Thairis sin, dá nglacfaí leis go bhféadfaidh an t-údarás conarthach conradh poiblí a mhodhnú, gan nós imeachta soláthair nua a thionscnamh, fad nach n-íocann sé an praghas i gcomaoin na seirbhísí a dhéanann an conraitheoir, cé gur glacadh go cinntitheach leis na seirbhísí sin agus gur tíolacadh an sonrasc deiridh, b’ionann sin agus cead a thabhairt don údarás conarthach síneadh a chur, dá rogha féin, leis an tréimhse ina bhféadfaidh feidhm a bheith ag foráil mhaolaithe, eadhon Airteagal 72 de Threoir 2014/24. Bheadh léiriú den sórt sin contrártha leis an léiriú docht nach mór don fhoráil sin a bheith faoina réir, mar a mheabhraítear i mír 50 den bhreithiúnas seo.

54 Ní féidir an tuairim sin a cheistiú leis an argóint a d’ardaigh rialtais na hOstaire agus na Fraince, ar dá réir go gcuirtear cosc le hAirteagal 4(3)(a) de Threoir 2011/7, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus (2) den Treoir sin, ar údaráis chonarthacha íocaíochtaí déanacha a dhéanamh, agus go bhfuil na híocaíochtaí sin faoi réir tréimhse 30 lá féilire tar éis sonrasc a fháil, agus mura ndéantar amhlaidh, beidh ús reachtúil iníoctha ar dhul in éag don tréimhse sin de bhun Airteagal 4(1) den Treoir sin.

55 Go deimhin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 83 agus 84 dá Thuairim, tá a leithéid de thréimhse ama le haghaidh íocaíochta i bhfeidhm ar an bhforas nach meastar an conradh a bheith 'le linn a théarma', a thuilleadh a luaithe a bhíonn na seirbhísí atá le comhlíonadh ag an gconraitheoir curtha i gcrích aige, go bhfuil siad glactha go cinntitheach ag an údarás conarthach, agus go bhfuil an sonrasc deiridh curtha isteach ag an gconraitheoir sin.

56 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 72 de Threoir 2014/24 a léiriú sa chaoi nach féidir conradh poiblí a mheas mar chonradh 'le linn a théarma', de réir bhrí na forála sin, i gcás ina bhfuil na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh lena mbaineann curtha i gcrích go hiomlán ag an gconraitheoir, nuair a bhíonn na seirbhísí sin glactha go cinntitheach ag an údarás conarthach, agus nuair a bhíonn an conraitheoir tar éis an sonrasc deiridh a eisiúint, fiú mura bhfuil an t-údarás conarthach tar éis an praghas a luaitear ann a íoc go fóill.

An dara agus an tríú ceist

57 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist, ní gá freagra a thabhairt ar an dara agus ar an tríú ceist, nár tarchuireadh ach amháin má thug an Chúirt freagra dearfach ar an gcéad cheist.

Costais

58 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 72 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1952 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní féidir conradh poiblí a mheas mar chonradh 'le linn a théarma', de réir bhrí na forála sin, i gcás ina bhfuil na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh lena mbaineann curtha i gcrích go hiomlán ag an gconraitheoir, nuair a bhíonn na seirbhísí sin glactha go cinntitheach ag an údarás conarthach, agus nuair a bhíonn an conraitheoir tar éis an sonrasc deiridh a eisiúint, fiú mura bhfuil an t-údarás conarthach tar éis an praghas a luaitear ann a íoc go fóill.

Sínithe